# Eolas faoi Phleanálaí Digiteach Excel

**Dearadh an doiciméad seo chun cuid de na príomhphíosaí eolais a thabhairt a chabhróidh leat an chéad a úsáidfidh tú Pleanálaí Digiteach Excel.**

**Nóta:** Is féidir pleanálaí digiteach Excel a úsáid ar bhealaí éagsúla mar go bhfuil go leor gnéithe roghnach. Leagfar amach san eolas thíos an dóigh is fearr leis an doiciméad a úsáid.

## Ar oscailt an doiciméid duit:

1. Nuair a osclóidh tú an doiciméad, roghnaigh cumasú inneachar chun teacht ar fheidhmiúlacht iomlán an doiciméid.
2. Líon isteach do chuid eolais sa Chluaisín Sonraí Ranga. Déanfaidh an t-eolas sin á ghiniúint féin ar fud an doiciméid.

## Agus aonaid foghlama á líonadh amach:

1. Chun teideal a shannadh d'aonad foghlama, cliceáil ar chlé faoi dhó ar tháb na bileoige ag bun an scáileáin nó mar mhalairt air sin deaschliceáil uair amháin agus roghnaigh athainmniú. Athróidh sé sin teideal an aonaid go huathoibríoch ag an mbarr.
2. Agus tú ag líonadh amach bharrtheideal an aonaid fhoghlama tá roinnt gnéithe roghnacha agat. Is féidir leat an bhliain, ainm an mhúinteora, dáta tosaithe agus fad na aonaid a shonrú. Más mian leat go dtiocfaidh an t-eolas sin aníos ar an táb Innéacs bí cinnte go roghnaíonn tú Sea sa Rogha **"Cuir ar an mBileog Innéacs".**
3. Nuair a bhíonn eolas á líonadh isteach sna rannáin éagsúla den phleanálaí tá dhá ordú atá thar a bheith úsáideach.
4. 

*Aisfhilleadh carráiste:*




Cruthaíonn sé sin líne abairte nua laistigh de chill.

Déantar é seo trí na heochracha alt + iontráil a bhrú ar do mhéarchlár.

*Airde sraithe a choigeartú:*

Faightear míniú mionsonraithe ar an gcaoi chun airde sraithe a uathshocrú i gcluaisín Treoracha an phleanálaí Excel. Uaireanta is é an bealach is simplí an airde sraithe a choigeartú de láimh. Déantar é sin trí dhul ar thaobh na láimhe clé den bhileog agus an cúrsóir a chur isteach idir uimhreacha cheannteideal na sraithe mar a thaispeántar. Nuair a athraíonn an cúrsóir coimeád an chliceáil chlé agus coigeartaigh de láimh é.



## Bileoga breise aonad foghlama a chur leis:

Chun aonaid bhreise a chur leis an doiciméad beidh ort iad a dhífholú. Tá táib aonaid sa doiciméad cheana féin ach tá siad i bhfolach. Chun cluaisín a dhífholú deaschliceáil ar bunchluaisíní an doiciméid agus roghnaigh dífholaigh, ansin roghnaigh bileog le dífholú mar a thaispeántar thíos.




Is dúblach de na leathanaigh bhunaidh iad na bileoga foghlama breise seo agus dá bhrí sin tá na foirmlí agus na naisc chéanna acu ar fud an doiciméid.

## Priontáil:

Is é an réamhshocrú sa doiciméad ná **"Priontáil Bileoga Gníomhacha"** arb é an ceann atá oscailte agat ag an am a roghnaíonn tú an rogha priontála. Tá sé socraithe freisin chun **"Bileog a Oiriúnú ar Leathanach Amháin"** agus mar sin méadóidh nó laghdóidh sé seo an leathanach ag brath ar an bpáipéar a bhfuil tú ag priontáil air. Beidh roghanna eile amhail treoshuíomh, méid an pháipéir srl. ag brath ar an bprintéir atá in úsáid agat agus ar mhéid an pháipéir a bhfuil tú ag priontáil air.

## Tuilleadh Eolais:

Is féidir tuilleadh eolais faoi fheidhmiúlacht an doiciméid a fháil i gcluaisín treoracha an doiciméid. Tá físghabháil scáileáin tiomnaithe ann freisin is féidir a fháil tríd an MF thíos a scanadh nó trí chliceáil anseo.

Nasc chuig an bhfísghabháil scáileáin